16 Madra Dubh na nOcht gCos

Achoimre an scéil:

Rugadh leanbh do Rí agus a bhean tar éis tamaill fada dóibh bheith ag iarraidh leis. Agus í á iompair bhuail scoláire bocht istigh chuig an bhanríon. Tar éis staidéar a dhéanamh ar na planéadaí an oíche céanna níor thaitn an crot a bhí ar na réalta leis. In aineoinn gach iarracht a ndearna sé moill a chur ar an mbreith rugadh buachaill di ag an nóiméad cinniúnach. Chun an leanbh a chosaint chuir sé nóta scríobhtha ina láimh féin i mbríocht faoina smig. Bhí rabhadh curtha aige gan é a oscailt go dtí an t-aonú lá breithe is fiche don bhuachaillín. An Prionsa Seán a bhaisteadh air. D'éirigh sé ina mharcaíoch cróga den scoth.
Díreach roimh an lá breithe go mbeadh sé d'aois bliain is fiche léigh a mháthair an nóta.
Bhí an riail briste aici. Mharófaí Seán anois ag madra dubh na n-ocht gcos. Ghlac sé féin gurbh é seo an fhírinne a bhí i ndán dó agus lean sé ar aghaidh leis lena eachtraíocht go crógúil.
D'imigh sé thar sáile agus seirbhíseach dílis ina theannta. Thánadar i dtír chuig sráidbhaile tréigthe, áit ina raibh chuile áit dúnta mar gheall ar cogadh a bhí le teacht. D'ordaigh sé don seirbhíseach dul abhaile chun é a shábháil.
Tháinig Seán ar theach iargúlta sa choill. Bhí seanfhear ina chónaí ann a thug fothain dó. Bhí madra allta aige ach ní raibh aon fhadhb aige le Seán. Tháinig an madra dubh an oíche céanna. Tar éis troid fíochmhar tarlú idir an dhá mhadra choimeád an madra allta gach éinne slán. Thug an seanfhear a mhadra mar bhronntanas do Sheán chun é a chosaint. Bhí buanna ósnádúrtha ag an madra seo - bua na cainte agus luath na gcos.

Thárla dúshlán nua dó dhá oíche eile as a chéile do Sheán os chomhair an madra dubh agus gach uair tháinig madra nua i gcabhair air. Sa deireadh bhí trí madra aige le bua speisialta - Luas lena thapúlacht, Fios agus a intleacht agus Droim Dúbalta lena láidreacht.
Oíche amháin thánadar isteach in éastát mór ina raibh bean ina cónaí ann agus a chuir fáilte rompu. I ngan fhios dóibh bhí sí geallta leis an madra dubh na n-ocht gcos. I ndáiríre ba dhuine a bhí ann a bhí faoi draíocht nach mbrisfí go dtí go maródh sé Seán

Chun an geall sin a chomhlíonadh chuir an bean na madraí sa scioból faoi glas daingean. Chuaigh an madra dubh chun obair. Bhailigh an trí mhadra a scileanna le chéile agus d'éirigh leo an glas a briseadh ar doras an sciobóil. Chuir siad smacht ar an madra dubh. Bhí ionadh ar an mbean an maidin dár gcionn go raibh Seán fós ina bheatha. Rinneadh amhlaidh trí oíche as a chéile.
Chomhairligh an madra dubh don bhean táirne go raibh nimh ann a chur i leaba Sheáin agus go n-oibreodh sé mar shaighead ina chroí. Ag súil leis an contúirt nua seo bheith ann d'aimsigh Luas planda le leigheas ann agus a chabhraigh leis teacht slán.

D’éirigh leo deireadh a chur leis an madra dubh agus an bhean á chuardach i ngach aon áit.
Míníodh do Sheán go raibh an trí mhadra faoi draíocht go dtí go marófaí an madra dubh agus an madra dubh faoin draíocht céanna go dtí go gcuirfeadh seisean Seán chun bás. Bhí ar Sheán tua a thógaint agus ceann gach madra - Fios, Luas agus Droim Dúbalta - a bhaint díobh. Bean álainn ab ea Fios. Daoine uaisle eile ab ea Luas agus Droim Dúbalta agus sheas siad uilig os a chomhair nuair a bhain sé a gcinn díobh.
Pósadh Seán agus Fios. Pósadh Droim Dúbalta agus Luas.

Níor chualathas tuairisc go brách ó Madra Dubh na n-Ocht gCos.